

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18

03/12/2013

San eagrán seo:

Inside this issue:

Craobh Peile 1  
Football Final

Ceolchoirm Nollag 1  
na Naíonáin  
Christmas Concert

Tíofún Haiyan 2  
No Uniform Day  
GOAL

Cóineartú 2  
Confirmation

Suíomh Gréasáin 2  
School Website  
[www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)

Ceachtanna 2  
Snámha  
Swimming Lessons

Maidin Caifé 3  
Christmas  
Coffee Morning

Achainní Bia 3  
SVP Food Appeal

Clár Sábháilteacht 3  
Rothar  
Cycle Safety Course

Codladh Céad 4  
Bliain  
Sleeping Beauty

Aifreann Lá Nollag 4  
na mBan  
School Mass 06/01/14

Boscaí Bróg na 4  
Nollag  
Shoe Box Appeal

Díolachán Swish 4  
& Bailiú Éadaí

Féile na Nollag 4  
Christmas Celebrations

## Taobh na Coille Abú!



Comhghairdeachas ollmhór le foireann peile na mbuachaillí as an gcrabhb chluiche a bhaint amach & sár-chluiche a imirt i bPáirc an Chrócaigh ag tús na míosa seo chaite. Tá's agam go raibh an-diomá orthu féin nár éirigh leo an ceann is fearr a bhaint amach ar Ghaelscoil Chluain Dolcáin ar an lá ach bhíomar an-bhródúil astu agus an tslí inar lean siad orthu ag imirt le dícheal, díogras & le sár-spiorad. Bhí foireann

agus painéal an-óg againn i mbliana agus mar a deir an sean-fhocal 'Beidh lá eile ag an bPaorach'. Gabhaimíd buíochas speisialta leis na múinteoirí a thugann a gcuid ama & a gcuid fuinnimhe go flaitiúil leis an traenáil a dhéanamh i ndiaidh am scoile. S'iad siúd Máirín Ní Dhubhthaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh (buachaillí) agus Máire Mhic Gabhann & Eavan Ní Mhuirgheasa (cailíní).

*A huge congratulations to the boys football team for making it to the Cumann na mBunscol football finals and playing a very tough & challenging game in Croke Park a few weeks back. I know how disappointed they were to lose to Gaelscoil Chluain Dolcáin on the day but we are very proud of how well they played and how determined, diligent and full of spirit they played in the match. We had a very young team & panel this time around and as the Irish proverb says 'Beidh lá eile ag an bPaorach' - (Mr Power will have another day!) I would like to add a special 'Go raibh maith agaibh' to the múinteoirí who give of their own free time to train the pupils after school hours. They are - Máirín Ní Dhubhthaigh, Maoilíosa Ó Dubhthaigh (buachaillí) and Máire Mhic Gabhann & Eavan Ní Mhuirgheasa (cailíní).*

*Emer Ní Chonchradha*

Príomhoide

## Ceolchoirm Nollag na Naíonáin : Infant Classes Christmas Concert

Beidh Ceolchoirm Nollag na naíonáin ar siúl i halla na scoile ar an Déardaoin an 12 Nollaig ag a 12.30pm. Ranganna N1A/N1B/N1C & N2A/N2B a bheidh ag glacadh páirte sa cheolchoirm. Is féidir leis na páistí teacht ar scoil gléasta 'sna héadaí ceolchoirme ar an lá sin. Beidh cead páirceála ar chlós súgartha na scoile óna 12.15pm ar aghaidh ar an lá seo. Fáilte roimh chách.

*The infant classes will perform their Christmas concert on Thursday the 12th of December at 12.30pm in the school hall. The pupils from N1A/N1B/N1C & N2A/N2B will be participating in the concert. The children may come to school in costume on that day. Parking will be permitted in the school yard from 12.15pm on this occasion. All are welcome.*

Daltaí ó Rang na Naíonáin 2012/2013





Leathanach 2

**Seirbhísí  
Reiligiúnda**  
Religious  
Ceremonies



Dáta don Dialann  
Cóineartú  
Confirmation  
An Aoine 28/03/14  
Séipéal Mhuire  
Ath an Ghainimh



[www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)

Griangrafanna deasa de chomórtas gléasadh na Samhna & a lán eile ar shuíomh ghréasáin na scoile - féach rannóg na ndaltaí.

Photos of Halloween Fancy Dress & much more on school website - see pupil's section.

**Ceachtanna  
Snámha**  
Swimming lessons  
for R2



Beidh daltaí R2 ag freastal ar cheachtanna snámha ón 10/01/2014 ar feadh 9 seachtainí. Costas €65 (len íoc i mí Eanáir).

Rang a 2 will be attending swimming lessons from the 10/01/14 for 9 weeks. Cost €65 (to be paid in January)

**Tíofún Haiyan : No Uniform Day**

Seán de Búrca & Teddy Mac Liam R4

Bhí smaoinemh againn – theastaigh uainn cabhrú leis na Filipínigh atá gan tithe, bia nó airgead de bharr an tíofúin ollmhór a bhí ‘sna hOileáin Filipíneacha le déanaí.

Cad is Tíofún ann?

Is stoirm mór milteach é tíofún. Bíonn gaoth an-láidir agus a lán, a lán báistí ann. Tarlaíonn tíofúin san Aigéan Chiúin thiar & in iarthar na hÁise – in aice leis an tSín & na hOileáin Filipíneacha.

Cá bhfuil na hOileáin Filipíneacha?

Tá na hOileáin Filipíneacha i bhfad ó Éireann. Tá siad in aice leis an tSeapáin & an tSín.



Na Filipínigh

Daoine bochta iad na Filipínigh. Níl siad saibhir. Bhí tithe déanta as adhmaid agus miotal acu agus nuair a bhuail an tíofún an tír scriosadh na tithe, leagadh iad go talamh. Maraíodh a lán daoine sa tíofún, fágadh daoine gan aon tithe agus fágadh a lán páistí gan mamai nó daidí.

Ár bPlean

Sé'n plean a bhí againn ná lá gan éide scoile a eagrú. Labhair muid leis an bpríomhoide agus ar an gCéadaoin an 27 Samhain, bhí cead ag na páistí ar fad teacht ar scoil ina gcuid éadaí féin. D'iarramar ar na páistí ar fad €2 an duine a thabhairt isteach ar an lá sin do mhuintir na hOileáin Filipíneacha.

Míle Buíochas: Bailíodh **€905.78**

D'éirigh linn €905.78 a bhailiú do mhuintir na hOileáin Filipíneacha ar an lá gan éide scoile. Go raibh míle maith agaibh ar fad as cabhrú linn an méid airgid iontach mór sin a bhailiú. Thugamar an t-airgead do GOAL atá ag cabhrú leis na Filipínigh i láthair na huair.



GOAL in the Philippines: Typhoon Haiyan, one of the most powerful storms ever to make landfall, struck the eastern coastal provinces of the Philippine islands of Leyte and Samar on Friday, November 8th. It then headed west, sweeping through six central Philippine islands. The official death toll currently stands at more than 5,000 people, while more than 1,600 people are still missing. The disaster has still affected more than 13 million people in total. More than four million people have been left homeless. People are desperate for food and clean water, while shelter is a priority. GOAL's emergency response team is on the ground and responding to the crisis

**Maidin Caifé na Nollag Christmas Coffee Morning**

Tá maidin caifé na Nollag á reachtáil ag Coiste na dTuismitheoirí i halla na scoile ar an **Aoine an 13/12/13** ag a 9.00am. Seans iontach is ea é bualadh le tuismitheoirí eile agus dreas cainte agus clabaireachta a dhéanamh! Tarraingeofar na ticéid do bhuaiteoirí Chrannchur Mór na Nollag ar an lá sin freisin agus cá bhfios ach go gcloisfeá roinnt carúil nollaig ó na páistí freisin!

Coiste na dTuismitheoirí are holding a coffee morning in the school hall on Friday morning the 13th of December at 9.00am. It's a great opportunity to get to know other parents in the school and just have a general chat and good 'gossip'! The winning tickets for our Monster Christmas Raffle will be pulled during the coffee morning & who knows a bit of carol singing might be thrown in for good measure!





## Achainní Bia 2013 Food Appeal

www.svp.ie

Beidh cúnamh á thabhairt ag an SVP do níos mó ná 20,000 teaghlaigh in Éireann um Nollaig na bliana seo. Trí bia a chur ar fáil is féidir linn a chinntiú go mbeidh dóthan bia ag na teaghlaigh sin ag an Nollaig. Dáilfear an bia seo ar pháistí agus ar theaghlaigh atá ar an ngannchuid tríd an gréasáin áitiúil atá ag an SVP.

Bheadh sé go hiontach dá bhféadfaimidne i nGaelscoil Thaobh na Coille cuidiú leis an bhfeachtas seo. Chuige sin iarraidimid ar éinne gur féidir leo bia ar bith ón liosta thall a fhágáil 'sna boscaí SVP in aice le Stábla na Nollag sa phasáiste. Beidh na boscaí seo á mbailliú ag SVP ar an Aoine, 13 Nollaig.

*The Society of St Vincent de Paul will provide help and assistance to over 20,000 families at Christmas, in the Dublin area alone. By donating non-perishable food items, we'll be helping families enjoy a special Christmas. Food hampers will be distributed to underprivileged children and families through SVP's network of local conferences & volunteers.*

*It would be great if we could do our bit to help this very worthy cause. Non-perishable food item donations can be left in the SVP boxes beside the Crib in the hallway of the school. The food boxes will be collected by SVP on Friday, 13<sup>th</sup> of December.*

## Clár Sábháilteacht Rothar : Cycle Safety Course



B'fhéidir go bhfuil daltaí R6 feicthe agaibh ag rotháocht sa chlós gach tráthnóna Máirt le roinnt seachtainí anuas agus nach raibh a fhios agat cad a bhí ar siúl? Bhuel tá na daltaí ag tabhairt faoi chúrsa sábháilteacht rothar. Cúrsa 6 seachtainí atá i gceist ina múintear dóibh conas rotháocht i gceart agus go sábháilte chomh maith le gnáth rialachacha rotháíochta an bhóthair a mhúineadh dóibh. Tá costas an chúrsa seo urraithe ag dlr (a íocann €12 a dalta nó leath de chostas iomlán an chúrsa) Tá an leath eile á íoc as ciste oideachais Bord Bainistíochta na scoile.

*You may have seen our 6th class pupils cycling around the yard on Tuesday afternoons recently and wondered what was going on? Well they are participating in a cycle safety course at the minute. This practical 6 week course teaches cycle safety & the rules of the road. The course is part funded by dlr who pay €12 per child for the course & the rest is covered by the Board of Management from school*

## Codladh Céad Bliain : Christmas Panto Máirt 17 Nollaig €15



Beidh daltaí R1 go R6 ag dul go dtí an geamaireacht *Codladh Céad Bliain* sa Helix ar an Mháirt an 17 Nollaig. Costas €15 an duine (ticéad & bus) Airgead le seoladh isteach go dtí an múinteoir ranga roimh an Aoine an 13 Nollaig le bhúr dtoil.

*R1 – R6 will be going to the Panto Sleeping Beauty in the Helix on Tuesday the 17<sup>th</sup> of December. This trip will cost €15 per person (ticket & bus). Please send in money to the class teacher before Friday 13<sup>th</sup> December*

## Earraí a moltar don Achainní Bia

Recommended items for Food Appeal

### Bia Stánaithe: Tinned Foods

Torthaí/Glasraí Stánaithe  
Tinned Fruit/ Vegetables  
Anraith: Packet/Tinned Soup  
Spagetti/Pónairí Stánaithe  
Tinned Spaghetti/Baked Beans  
Iasc Stánaithe:Tinned Fish

### Gránaigh & Carbaihoidráití

Cereals & Carbohydrates  
Callóga Arbhair  
Breakfast Cereals and Muesli  
Rís & Pasta :Noodles, Rice Pasta  
Anlann Pasta/Rís  
Pasta/Rice Sauce

Gránn Bharraí : Muesli Bars

### Deochanna: Beverages

Tae & Caifé : Tea & Coffee  
Deochanna Milse: Soft Drinks

### Rudaí Deasa: Treats

Seaclaíd Crispaí Brioscaí  
Chocolate Crisps Biscuits



## Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí

Parent Teacher Meetings

Buíochas as bhúr gcomhoibriú i gcláir leis an am-chlár do na Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí.

*Thanks for your co-operation in adhering to the timetable for the Parent Teacher Meetings.*



Beatha Teanga í a Labhairt



**Aifreann Lá Nollag na mBan**  
 Mass for Feast of the Epiphany

Tosaíonn an téarma scoile nua ar an Luan an 6 Eanáir. Os rud é gur lá féile eaglasta í sin - Lá Nollag na mBan, tá iarrtha againn ar an tAthair Leon Ó Giolláin teacht isteach le hAifreann a léamh dúinn. Beidh an t-aifreann ar siúl i halla na scoile ag 9.30am. Tá fáilte roimh thusimitheoirí freastal ar an aifreann.

*The new school term starts on Monday the 6th of January 2014. As this is the feast day of the Epiphany we have asked an tAthair Leon Ó Giollain to come and celebrate mass for us. The mass will be at 9.30am and parents are most welcome to attend.*



**Boscaí Bróg na Nollag** *Christmas Shoe Box Appeal*



Míle buíochas as na Boscaí Bróg ar fad a seoladh isteach don 'Team Hope' Christmas Shoe Box Appeal.

*Many thanks to all who filled shoe boxes for the 'Team Hope' Christmas Shoe Box Appeal. Team Hope were very grateful for all the boxes received from Gaelscoil Thaobh na Coille.*

**Díolachán Faisean** *Swish Swish Faisean Sale*



Buíochas mór le gach duine a thug éadaí don díolachán Faisean Swish a d'eagraigh Coiste na dtuismitheoirí le déanaí. Buíochas freisin le gach duine a bhailigh éadaí don bailiúchán éadaí athlámhe. Déirigh leis an gCoiste thart ar €2,000 a thiomsú leis an dá imeacht seo.

*Thanks to everyone who donated clothing for the Swish Faisean Sale organised by Coiste na dtuismitheoirí recently. Thanks also to those of you who brought in bags of old clothes for the clothes recycling collection. The Coiste raised approx. €2,000 for the school from both activities.*



**Féile na Nollag** *Christmas Carol Service* R1 go R6

Beidh Féile na Nollag ar siúl ar an gCéadaoin an 18 Nollaig i halla na scoile ag a 1.00pm. Daltaí ranganna 1-6 a bheidh ag glacadh páirte sa cheiliúradh seo. Cuirimid lán-fháilte roimh thuismitheoirí agus gaolta uile na scoile a bheith i láthair ag an ócáid speisialta seo.

Os rud é go mbeimid gann ar spás sa halla ní bheidh daltaí ó ranganna na naíonáin (N1 & N2) in ann a bheith sa halla i rith an seirbhís carúil. Beidh Féile na Nollag feicthe acu níos luaithe an mhaidin sin.

*We will be holding a Christmas Celebration on Wednesday the 18th of December at 1.00pm in the school hall. All pupils from 1st to 6th class will be participating in this celebration. We cordially invite all parents and relations to join us at this special occasion. As we will be pushed for space in the hall children from the infant classes (N1 & N2) will not be able to be in the hall during the Christmas celebration. They will attend a rehearsal of the celebration earlier in the day.*

Féile na Nollag 2012

